# RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/1175 ÓN gCOIMISIÚN

**an 7 Iúil 2022**

**lena gcuirtear allmhairí aerbhonn áirithe, iad nua nó atráchta, as rubar, de chineál a úsáidtear ar bhusanna nó ar leoraithe, ag a bhfuil innéacs ualaigh is mó ná 121, de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, faoi réir a chláraithe tar éis athoscailt an imscrúdaithe chun go gcuirfear chun feidhme breithiúnais an 4 Bealtaine 2022 i gcásanna uamtha T-30/19 agus T-72/19, maidir le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1579 agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1690**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad ([1]) (an bun-Rialachán frithdhumpála), agus go háirithe Airteagal 14 de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/1037 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí ar tugadh fóirdheontas ina leith, ar allmhairí iad ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad ([2]) (an bun-Rialachán frith-fhóirdheontais), agus go háirithe Airteagal 24 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

## 1. NÓS IMEACHTA

### 1.1. Glacadh na mbeart

(1) An 4 Bealtaine 2018, ghlac an Coimisiún ("an Coimisiún") Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/683 ([3]) lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála shealadach ar allmhairí aerbhonn áirithe, iad nua nó atráchta, as rubar, de chineál a úsáidtear ar bhusanna agus ar leoraithe, ag a bhfuil innéacs ualaigh is mó ná 121, de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne ("an Rialachán sealadach").

(2) An 18 Deireadh Fómhair 2018, ghlac an Coimisiún Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1579 ([4]) lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach agus lena mbailítear go cinntitheach an dleacht shealadach arna forchur ar allmhairí aerbhonn áirithe, iad nua nó atráchta, as rubar, de chineál a úsáidtear ar bhusanna nó ar leoraithe, ag a bhfuil innéacs ualaigh is mó ná 121, de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne.

(3) An 9 Samhain 2018, ghlac an Coimisiún Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1690 ([5]) lena bhforchuirtear dleachtanna frithchúitimh cinntitheacha ar allmhairí aerbhonn áirithe, iad nua nó atráchta, as rubar, de chineál a úsáidtear ar bhusanna nó ar leoraithe, agus ag a bhfuil innéacs ualaigh is mó ná 121, de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1579 ón gCoimisiún lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála cinntitheach agus lena mbailítear go gcinntitheach an dleacht shealadach arna forchur ar allmhairí aerbhonn áirithe, iad nua nó atráchta, as rubar, de chineál a úsáidtear ar bhusanna nó ar leoraithe, agus ag a bhfuil innéacs ualaigh is mó ná 121, de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus lena n-aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/163.

([1]) IO L 176, 30.6.2016, lch. 21.
([2]) IO L 176, 30.6.2016, lch. 55.
([3]) IO L 116, 7.5.2018, lch. 8.
([4]) IO L 263, 22.10.2018, lch. 3.
([5]) IO L 283, 12.11.2018, lch. 1.

### 1.2. **Na Breithiúnais ó Chúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh**

(4) Thug Comhlachas Tionscail Rubar na Síne (CRIA) agus Comhlachas Tráchtála Allmhaireoirí agus Onnmhaireoirí Miotal, Mionraí agus Ceimiceán na Síne ("CCCMC") caingne neamhnithe os comhair na Cúirte Ginearálta ag agóid in aghaidh dhlíthiúlacht na rialachán atá i gceist.

(5) D'ardaigh CRIA agus CCCMC roinnt éileamh i gcoinne na rialachán atá i gceist agus thug an Chúirt Ghinearálta breithiúnas ar dhá cheann acu: (i) gur theip ar an gCoimisiún comparáid praghsanna chóir a dhéanamh i ríomh an tsladghearrtha praghais agus na gcorrlach díobhála, agus (ii) gearáin áirithe ina líomhnaítear, go bunúsach, gurbh ann do neamhréireachtaí agus sárú ar chearta na cosanta maidir le táscairí díobhála agus ualú sonraí ó shampla tháirgeoirí an Aontais.

(6) An 4 Bealtaine 2022, d'eisigh an Chúirt Ghinearálta a breithiúnas i gcásanna T-30/19 agus T-72/19, lenar cuireadh ar neamhní Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1579 (frithdhumpáil) agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1690 (frith-fhóirdheontas).

(7) Maidir le ríomh na gcorrlach sladghearrtha, chinn an Chúirt Ghinearálta go ndearna an Coimisiún comparáid éagórach nuair a rinne sé an praghas onnmhairiúcháin a choigeartú — asbhaint SG&A an allmhaireora ghaolmhair agus brabús barúlach — nuair a rinneadh díolacháin trí thrádálaí gaolmhara san Aontas. Thug an Chúirt dá haire go ndearna táirgeoirí an Aontais roinnt díolachán trí eintitis ghaolmhara freisin, agus nár coigeartaíodh a bpraghsanna díolacháin. Tháinig an Chúirt Ghinearálta ar an gconclúid go ndearnadh ríomh na gcorrlach sladghearrtha praghais a rinne an Coimisiún sna rialacháin atá faoi chonspóid a chur ó bhail mar gheall ar earráid dlí agus earráid fhollasach mheasúnaithe agus, mar thoradh air sin, gur sháraigh an ríomh sin Airteagal 3(2) agus (3) den bhun-Rialachán frithdhumpála agus Airteagal 8(1) agus (2) den bhun-Rialachán frith-fhóirdheontais. Thairis sin, chinn an Chúirt Ghinearálta go raibh tionchar ag na hearráidí ar thorthaí foriomlána díobhála agus cúisíochta agus ar na corrlaigh díobhála, agus nárbh fhéidir a chinneadh go cruinn a mhéid a bhí bunús i bpáirt fós leis na dleachtanna cinntitheacha frithdhumpála agus frithchúitimh atá faoi cheist. Dá bhrí sin, cuireadh ar neamhní na rialacháin lena bhforchuirtear na dualgais sin ar na hiarratasóirí.

(8) Maidir leis an dara pointe, chinn an Chúirt Ghinearálta nach ndearna an Coimisiún scrúdú oibiachtúil (mar a cheanglaítear le hAirteagal 3(2) den bhun-Rialachán frithdhumpála agus le hAirteagal 8(1) den bhun-Rialachán frith-fhóirdheontais) toisc ó tharla nach ndearna sé athbhreithniú ar ríomh na dtáscairí micreacnamaíocha seachas brabúsacht, agus gan na figiúirí athbhreithnithe a leagan amach sa Rialachán faoi conspóid, is amhlaidh nár úsáid an Coimisiún na sonraí ábhartha go léir a bhí ar fáil dó. Ina theannta sin, chinn an Chúirt Ghinearálta gur sáraíodh ceart cosanta na n-iarratasóirí. Go háirithe, d'easaontaigh an Chúirt Ghinearálta go bhféadfaí roinnt faisnéise nár nochtadh do pháirtithe a mheas mar fhaisnéis rúnda, agus chinn sí go raibh na sonraí go léir atá faoi cheist "nasctha le cinntí fíorais sa rialachán atá á chonspóid". Dá bhrí sin, "fíorais agus breithnithe riachtanacha" a bhí iontu ba cheart a bheith nochta do na páirtithe.

(9) I bhfianaise a bhfuil thuas, chuir an Chúirt Ghinearálta an rialachán frithdhumpála atá i gceist ar neamhní a mhéid a bhain sé leis na cuideachtaí a raibh an CRIA agus CCCMC (a liostaítear in Iarscríbhinn I) ina n-ionadaithe orthu.

(10) Ina theannta sin, chuir an Chúirt Ghinearálta an rialachán frithchúitimh atá faoi cheist ar neamhní a mhéid a bhain sé leis na cuideachtaí a raibh an CRIA agus CCCMC (a liostaítear in Iarscríbhinn II) ina n-ionadaithe orthu.

## 2. **AN FORAS LE CLÁRÚ A DHÉANAMH**

(11) Rinne an Coimisiún anailís ar cibé an iomchuí allmhairiú an táirge lena mbaineann a chur faoi réir a chláraithe. Sa chomhthéacs sin, chuir an Coimisiún an méid seo a leanas san áireamh.

(12) Le hAirteagal 266 CFAE, foráiltear nach mór do na hInstitiúidí na bearta is gá a dhéanamh chun breithiúnais na gCúirteanna a chomhlíonadh. I gcás ina ndéantar gníomh arna ghlacadh ag na hInstitiúidí a neamhniú i gcomhthéacs nós imeachta riaracháin, amhail imscrúduithe frithdhumpála nó frith-fhóirdheontais, is éard atá i gceist le comhlíonadh bhreithiúnas na Cúirte Ginearálta gníomh nua a chur in ionad an ghnímh neamhnithe, lena gcuirtear deireadh leis an neamhdhleathacht a shainaithin an Chúirt ([6]).

([6]) Cásanna uamtha 97, 193, 99 agus 215/86 Asteris AE agus eile agus an Phoblacht Heilléanach v an Coimisiún [1988] ECR 2181, mír 27 agus mír 28; agus Cás T-440/20 Jindal Saw v an Coimisiún Eorpach, EU:T:2022:318.

(13) De réir chásdlí na Cúirte Breithiúnais, féadfar an nós imeachta maidir le hionadú an ghnímh neamhnithe a atosú ag an bpointe ar tharla an neamhdhleathacht ([7]). Tugann sin le tuiscint, go háirithe, i gcás ina ndéantar gníomh lena gcuirtear nós imeachta riaracháin i gcrích a neamhniú, nach gá go ndéanfadh an neamhniú difear do na gníomhartha ullmhúcháin, amhail tionscnamh an nós imeachta frithdhumpála. I gcás ina ndéantar, mar shampla, Rialachán lena bhforchuirtear bearta frithdhumpála cinntitheacha a neamhniú, ciallaíonn sé sin go bhfuil an t-imeacht frithdhumpála fós oscailte, toisc gur imigh an gníomh lena dtugtar an t-imeacht frithdhumpála i gcrích ó dhlíchóras an Aontais ([8]), ach amháin más ag céim an tionscnaimh a tharla an neamhdhleathacht.

(14) Mar a míníodh san Fhógra um Athoscailt, agus ós rud é nár tharla an neamhdhleathacht ag céim an tionscnaimh ach ag céim an imscrúdaithe, chinn an Coimisiún na himscrúduithe frithdhumpála agus frith-fhóirdheontais a athoscailt a mhéid a bhaineann siad leis na cuideachtaí a liostaítear i Roinn 1.2 thuas, agus chuir sé tús arís leo ag an bpointe inar tharla an neamhrialtacht.

(15) De réir chásdlí na Cúirte Breithiúnais, má dhéantar an nós imeachta a atosú agus na dleachtanna a ath-fhorchuir ar deireadh, ní féidir a mheas go bhfuil sé sin contrártha don riail maidir le neamh-aisghníomhaíocht ([9]). Chuir an Fógra um athoscailt páirtithe leasmhara, lena n-áirítear allmhaireoirí, ar an eolas go dtiocfadh aon dliteanas amach anseo, dá mba ghá é, as torthaí an athscrúdaithe.

(16) Bunaithe ar a thorthaí nua agus ar thoradh an imscrúdaithe athoscailte, nach eol ag an gcéim seo, féadfaidh an Coimisiún rialachán a ghlacadh lena ndéanfar athbhreithniú, nuair is gá sin, ar an ráta dleachta is infheidhme. Na rátaí athbhreithnithe sin, más ann dóibh, tiocfaidh siad i bhfeidhm ón dáta a thiocfaidh na Rialacháin atá i gceist i bhfeidhm.

(17) Chun na críche sin, d'iarr an Coimisiún ar na húdaráis náisiúnta chustaim fanacht le toradh an athscrúdaithe sula ndéanfaí cinneadh maidir le haon éileamh ar aisíocaíocht a bhaineann le dleachtanna frithdhumpála agus/nó frithchúitimh a chuir an Chúirt Ghinearálta ar neamhní. Dá bhrí sin, ordaítear do na húdaráis chustaim aon éileamh ar aisíocaíocht na ndleachtanna arna gcur ar neamhní a chur siar go dtí go bhfoilseofar toradh an athscrúdaithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

(18) Ina theannta sin, i gcás ina ndéanfar bearta a ath-fhorchur mar thoradh ar na himscrúdaithe athoscailte, ba cheart dleachtanna a bhailiú freisin don tréimhse ina ndéantar na himscrúdaithe athoscailte.

(19) I ndáil leis sin, tugann an Coimisiún dá aire gur uirlis é an clárú dá bhforáiltear in Airteagal 14(5) den bhun-Rialachán frithdhumpála agus in Airteagal 24(5) den bhun-Rialachán frith-fhóirdheontais ionas go bhféadfar bearta a chur i bhfeidhm ina dhiaidh sin i gcoinne allmhairí ó dháta an chláraithe ([10]). Sa chás seo, measann an Coimisiún gurb iomchuí allmhairí a bhaineann leis na cuideachtaí a liostaítear i Roinn 1.2 thuas a chlárú d'fhonn bailiú dleachtanna frithdhumpála a éascú nuair a dhéanfar a leibhéil a athbhreithniú i gcomhréir le rialú na Cúirte Ginearálta ([11]).

(20) I gcomhréir le dlí-eolaíocht na Cúirte Breithiúnais ([12]), murab ionann agus an clárú a tharla le linn na tréimhse roimh ghlacadh na mbeart sealadach, níl coinníollacha Airteagal 10(4) den bhun-Rialachán frithdhumpála ná Airteagal 16(4) den bhun-Rialachán frith-fhóirdheontais infheidhme maidir leis an gcás i dtrácht. Go deimhin, is é cuspóir an chláraithe i gcomhthéacs chur chun feidhme na Cúirte nach gceadófar bailiú cúlghabhálach beart cosanta trádála a

([7]) Cás C-415/96 An Spáinn v an Coimisiún [1998] ECR I-6993, mír 31; Cás C-458/98 P Industrie des Poudres Sphériques v an Chomhairle [2000] I-8147, míreanna 80 go 85; Cás T-301/01 Alitalia v an Coimisiún [2008] II-1753, míreanna 99 agus 142; cásanna Uamtha T-267/08 agus T-279/08 Région Nord-Pas de Calais v an Coimisiún [2011] II-0000, mír 83.

([8]) Cás C-415/96 An Spáinn v an Coimisiún [1998] ECR I-6993, mír 31; Cás C-458/98 P Industrie des Poudres Sphériques v an Chomhairle [2000] I-8147, míreanna 80 go 85.

([9]) Cás C-256/16 Deichmann SE v Hauptzollamt Duisburg, Breithiúnas na Cúirte an 15 Márta 2018, mír 79 agus Cás-612/16 C & J Clark International Ltd v Coimisinéirí Ioncaim agus Custam na Banríona, breithiúnas an 19 Meitheamh 2019, mír 5.

([10]) Cás T-440/20 Jindal Saw v an Coimisiún Eorpach, EU:T:2022:318, míreanna 154 – 159.

([11]) Tabhair do d'aire, i ndáil leis an táirgeoir onnmhairiúcháin Zhongce Rubber Group Co., Ltd, nach mbaineann sé seo ach leis an dliteanas dleachta frithchúitimh atá i gceist. Níor chuir an Chúirt Ghinearálta an rialachán frithdhumpála ar neamhní i leith na cuideachta sin agus, dá bhrí sin, tá dleachtanna frithdhumpála fós le bailiú i ndáil le Grúpa Rubar Zhongce Co.

([12]) Cás C-256/16 Deichmann SE v Hauptzollamt Duisburg, mír 79 agus Cás C-612/16, C & J Clark International Ltd v Commissioners for Her Majesty's Revenue & Customs, breithiúnas an 19 Meitheamh 2019, mír 58.

d'fhéadfadh a bheith ann mar a fhoráiltear sna forálacha sin. Is é is cuspóir dó éifeachtacht na mbeart atá i bhfeidhm a chosaint, gan aon bhriseadh míchuí ó dháta theacht i bhfeidhm na rialachán atá i gceist go dtí go ndéanfar na dleachtanna ceartaithe a ath-fhorchur, trína áirithiú go bhféadfar bearta a bhailiú sa mhéid ceart amach anseo.

(21) I bhfianaise na mbreithnithe thuas, mheas an Coimisiún go raibh forais ann le clárú de bhun Airteagal 14(5) den bhun-Rialachán frithdhumpála agus de bhun Airteagal 24(5) den bhun-Rialachán frith-fhóirdheontais.

## 3. **CLÁRÚ**

(22) Ar bhonn a bhfuil thuas, ní mór allmhairí an táirge i gceist a tháirgeann na cuideachtaí a liostaítear i Roinn 1.2 thuas a chur faoi réir a gcláraithe ([13]).

(23) Mar a léirítear san Fhógra Athoscailte, an dliteanas deiridh maidir le híoc na ndleachtanna frithdhumpála agus frithchúitimh, más ann dóibh, ó dháta theacht i bhfeidhm na rialachán frithdhumpála agus frith-fhóirdheontais i gceist, tiocfaidh sé ó thorthaí an athscrúdaithe.

(24) Ní fhéadfar aon dleachtanna is airde ná na dleachtanna arna bhunú sna Rialacháin atá faoi cheist a bhailiú don tréimhse idir foilsiú an Fhógra um athoscailt agus an dáta a thiocfaidh torthaí na n-imscrúduithe athoscailte i bhfeidhm.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

1. De bhun Airteagal 14(5) de Rialachán (AE) 2016/1036, allmhairí aerbhonn áirithe, iad nua nó atráchta, as rubar, de chineál a úsáidtear ar bhusanna nó ar leoraithe, ag a bhfuil innéacs ualaigh is mó ná 121, atá faoi láthair faoi chóid AC 4011 20 90 agus ex 4012 12 00 (cód TARIC 4012 12 00 10), de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus arna dtáirgeadh ag na cuideachtaí a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo, glacfaidh na húdaráis chustaim na céimeanna is iomchuí chun na hallmhairí sin a chlárú.

2. De bhun Airteagal 24(5) de Rialachán (AE) 2016/1037, allmhairí aerbhonn áirithe, iad nua nó atráchta, as rubar, de chineál a úsáidtear ar bhusanna nó ar leoraithe, ag a bhfuil innéacs ualaigh is mó ná 121, atá faoi láthair faoi chóid AC 4011 20 90 agus ex 4012 12 00 (cód TARIC 4012 12 00 10), de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus arna dtáirgeadh ag na cuideachtaí a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo, glacfaidh na húdaráis chustaim na céimeanna is iomchuí chun na hallmhairí sin isteach san Aontas a chlárú.

3. Rachaidh an clárúchán in éag 9 mí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

4. Allmhairí aerbhonn áirithe, iad nua nó atráchta, as rubar, de chineál a úsáidtear ar bhusanna nó ar leoraithe, ag a bhfuil innéacs ualaigh is mó ná 121 atá faoi láthair faoi chóid AC 4011 20 90 agus ex 4012 12 00 (cód TARIC 4012 12 00 10), de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus arna dtáirgeadh ag na cuideachtaí a liostaítear in Iarscríbhinní I agus II a ghabhann leis an Rialachán seo, na rátaí frithdhumpála agus frithchúitimh is féidir a bhailiú ar na hallmhairí sin idir athoscailt na n-imscrúduithe agus dáta theacht i bhfeidhm thorthaí athoscailt na n-imscrúduithe, ní rachaidh siad thar an méid arna fhorchur le Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1579 agus le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1690 ón gCoimisiún.

5. Fanfaidh na húdaráis chustaim náisiúnta le foilsiú an Rialacháin Cur Chun Feidhme ábhartha ón gCoimisiún lena bhforchuirfear na dleachtanna arís sula ndéanfaidh siad cinneadh maidir le haisíocaíocht agus loghadh na ndleachtanna frithdhumpála agus/nó frith-fhóirdheontais a mhéid a bhaineann le hallmhairí na gcuideachtaí a liostaítear in Iarscríbhinn I agus Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo.

([13]) Tabhair do d'aire, i ndáil leis an táirgeoir onnmhairiúcháin Zhongce Rubber Group Co., Ltd, nach mbaineann sé seo ach leis an dliteanas dleachta frithchúitimh atá i gceist. Níor chuir an Chúirt Ghinearálta an rialachán frithdhumpála ar neamhní i leith na cuideachta sin agus, dá bhrí sin, tá dleachtanna frithdhumpála fós le bailiú i ndáil le Grúpa Rubar Zhongce Co.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 7 Iúil 2022.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

*IARSCRÍBHINN I*

Liosta na gcuideachtaí a ndéanann neamhniú Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1579 (frithdhumpáil) difear dóibh:

| Ainm na cuideachta | Cód breise TARIC |
|---|---|
| Chaoyang Long March Tyre Co., Ltd | C338 |
| Triangle Tyre Co., Ltd | C375 |
| Shandong Wanda Boto Tyre Co., Ltd | C366 |
| Qingdao Doublestar Tire Industrial Co., Ltd | C347 |
| Ningxia Shenzhou Tire Co., Ltd | C345 |
| Guizhou Tyre Co., Ltd | C340 |
| Aeolus Tyre Co., Ltd | C877 ([1]) |
| Shandong Huasheng Rubber Co., Ltd | C360 |
| Chongqing Hankook Tire Co., Ltd | C334 |
| Prinx Chengshan (Shandong) Tire Co., Ltd | C346 |
| Jiangsu Hankook Tire Co., Ltd | C334 |
| Shandong Linglong Tire Co., Ltd | C363 |
| Shandong Jinyu Tire Co., Ltd | C362 |
| Sailun Group Co., Ltd | C351 |
| Shandong Kaixuan Rubber Co., Ltd | C353 |
| Weifang Yuelong Rubber Co., Ltd | C875 ([2]) |
| Weifang Shunfuchang Rubber And Plastic Products Co., Ltd | C377 |
| Shandong Hengyu Science & Technology Co., Ltd | C358 |
| Jiangsu General Science Technology Co., Ltd | C341 |
| Double Coin Group (Jiang Su) Tyre Co., Ltd | C878 ([3]) |
| Hefei Wanli Tire Co., Ltd | C876 ([4]) |
| Giti Tire (Anhui) Company Ltd | C332 |
| Giti Tire (Fujian) Company Ltd | C332 |
| Giti Tire (Hualin) Company Ltd | C332 |
| Giti Tire (Yinchuan) Company Ltd | C332 |
| Qingdao GRT Rubber Co., Ltd | C350 |

([1]) Sna rialacháin atá faoi cheist, sainaithnítear i gcód breise TARIC C333 na táirgeoirí onnmhairiúcháin seo a leanas:

Aeolus Tyre Co., Ltd;
Aeolus Tyre (Taiyuan) Co., Ltd;
Qingdao Yellow Sea Rubber Co., Ltd;
Pirelli Tyre Co., Ltd
Sanntar cód breise TARIC nua do Aeolus Tyre Co., Ltd don chlárú.

([2]) Sna rialacháin atá faoi cheist déantar Weifang Yuelong Rubber Co., Ltd a nascadh le TARIC cód breise C999.

([3]) Sna rialacháin atá faoi cheist, sainaithnítear i gcód breise TARIC C371 na táirgeoirí onnmhairiúcháin seo a leanas:

Shanghai Huayi Group Corp. Ltd
Double Coin Group (Jiang Su) Tyre Co., Ltd.
Sanntar cód breise TARIC nua do Double Coin Group (Jiang Su) Tyre Co., Ltd don chlárú.

([4]) Sna rialacháin atá faoi cheist, déantar Hefei Wanli Tire Co. Ltd a nascadh le TARIC cód breise C999.

*IARSCRÍBHINN II*

Liosta na gcuideachtaí a ndéanann neamhniú Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1690 ón gCoimisiún (frith-fhóirdheontais) difear dóibh:

| Ainm na Cuideachta | Cód breise TARIC |
|---|---|
| Chaoyang Long March Tyre Co., Ltd | C338 |
| Triangle Tyre Co., Ltd | C375 |
| Shandong Wanda Boto Tyre Co., Ltd | C366 |
| Qingdao Doublestar Tire Industrial Co., Ltd | C347 |
| Ningxia Shenzhou Tire Co., Ltd | C345 |
| Guizhou Tyre Co., Ltd | C340 |
| Aeolus Tyre Co., Ltd | C877 ([1]) |
| Shandong Huasheng Rubber Co., Ltd | C360 |
| Chongqing Hankook Tire Co., Ltd | C334 |
| Prinx Chengshan (Shandong) Tire Co., Ltd | C346 |
| Jiangsu Hankook Tire Co., Ltd | C334 |
| Shandong Linglong Tire Co., Ltd | C363 |
| Shandong Jinyu Tire Co., Ltd | C362 |
| Sailun Jinyu Group Co., Ltd | C351 |
| Shandong Kaixuan Rubber Co., Ltd | C353 |
| Weifang Yuelong Rubber Co., Ltd | C875 ([2]) |
| Weifang Shunfuchang Rubber And Plastic Products Co., Ltd | C377 |
| Shandong Hengyu Science & Technology Co., Ltd | C358 |
| Jiangsu General Science Technology Co., Ltd | C341 |
| Double Coin Group (Jiang Su) Tyre Co., Ltd | C878 ([3]) |
| Hefei Wanli Tire Co., Ltd | C876 ([4]) |
| Giti Tire (Anhui) Company Ltd | C332 |
| Giti Tire (Fujian) Company Ltd | C332 |
| Giti Tire (Hualin) Company Ltd | C332 |
| Giti Tire (Yinchuan) Company Ltd | C332 |
| Qingdao GRT Rubber Co., Ltd | C350 |
| Zhongce Rubber Group Co., Ltd | C379 |

([1]) Sna rialacháin atá faoi cheist, sainaithnítear i gcód breise TARIC C333 na táirgeoirí onnmhairiúcháin seo a leanas:

Aeolus Tyre Co., Ltd;
Aeolus Tyre (Taiyuan) Co., Ltd;
Qingdao Yellow Sea Rubber Co., Ltd;
Pirelli Tyre Co., Ltd
Sanntar cód breise TARIC nua do Aeolus Tyre Co., Ltd don chlárú.

(2) Sna rialacháin atá faoi cheist déantar Weifang Yuelong Rubber Co., Ltd a nascadh le TARIC cód breise C999.
(3) Sna rialacháin atá faoi cheist, sainaithnítear i gcód breise TARIC C371 na táirgeoirí onnmhairiúcháin seo a leanas:

Shanghai Huayi Group Corp. Ltd
Double Coin Group (Jiang Su) Tyre Co., Ltd
Sanntar cód breise TARIC nua do Double Coin Group (Jiang Su) Tyre Co. Ltd don chlárú.
(4) Sna rialacháin atá faoi cheist, déantar Hefei Wanli Tire Co., Ltd a nascadh le TARIC cód breise C999.